Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Aibreán 2019
(OR. en)

8091/19

Comhad Idirinstitiúideach:
2017/0293(COD)

CODEC 851
CLIMA 105
ENV 382
TRANS 249
MI 334

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 (athmhúnlú) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 8 Samhain 2017, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 192(1) CFAE ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 14 Feabhra 2018[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún.

4. Ar an 27 Márta 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

1 14217/17.
2 IO C 227, 28.6.2018, lch. 52.
3 7726/19.

5. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe, a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

– an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 6/19 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, ag a mbeidh an Ungáir ag vótáil ina choinne agus an Bhulgáir ag staonadh;

– a chinneadh go ndéanfar na ráitis, atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo, a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach seo sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.